

Beatha Teanga



**Feasacht**

**Teanga a Chothú**

## Roinnt spreagcheistanna: **Feasacht Teanga a Chothú**

Cén tuiscint atá ag an scoil /  
ag na daltaí ar fheasacht  
teanga?

Cén chaoi ar féidir an  
fheasacht a chothú?

Cén ról atá ag daltaí ann?

Cén t-idirdhealú atá  
sa chur chuige atá ann do  
pháistí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil  
acu agus páistí atá  
ag foghlaim?

An mbreathnaítear ar labhairt an  
Bhéarla d'aonghnó mar shárbriseadh  
rialacha? An bpléifear leis i  
gcomhthéacs an pholasaí iompair atá  
leagtha amach ag  
an scoil?

Cad iad na céimeanna a leanfar  
má tá labhairt an Bhéarla ag tarlú  
go rialta agus d'aonghnó?

# Roinnt spreagsmaointe: **Feasacht Teanga a Chothú**

**1**

Go gcothófaí úinéireacht agus bród sna daltaí as an teanga agus go nglacfaidís leis go hiomlán gurb é polasaí na scoile ná an Ghaeilge a labhairt lena chéile agus leis an bhfoireann an t-am ar fad (seachas le linn ceachtanna Béarla agus teangacha eile).

**2**

Go mbeadh comhthuisctint ina measc go labhróidís Gaeilge go fonnmhar ag aon imeachtaí scoile lasmuigh den scoil agus gach áit laistigh den scoil.

**3**

Go gcreidfidís gur saibhre a gcuid oideachais agus cumarsáide trí bheith ag labhairt na Gaeilge go nádúrtha, go fonnmhar, agus go coinsiasach eatarthu féin.

**6**


Go mbunófaí feachtais/duaiseanna ó thaobh an rang is fearr, an duine is fearr chun an Ghaeilge a labhairt agus a chur chun cinn.

**5**

Go n-aitheofaí eiseamláirí / ambasadóirí teanga Córas na gCinnirí. Is fiú daltaí ó na hardranganna a úsáid i rith am sosa agus am lóin chun cabhrú leis na naíonáin súgradh as Gaeilge, go h-áirithe ag tús na bliana.

**4**

Go n-aontódh siad córas sa rang – Ó thaobh cé na hionchais atá acu futhú féin, faoi dhaoine eile, cé na riachtanais atá ann, cé na gnímh a ghlacfaidh siad chun úsáid na Gaeilge a chothú.



7


Féadfar ceistneoir a dháileadh ar dhaltaí mar chuid de phlé faoi luach na teanga agus feachtas teanga. Moltar é seo do ranganna 2-6. Cabhróidh an ceistneoir le bonnlíne a aithint faoi nósanna teanga agus meon na ndaltaí i leith na teanga. Féadfar é a athdhéanamh ag staid ar bith, leis na ceisteanna céanna, chun féachaint ar tháinig athrú ar mheon nó ar a gcuid nósanna.

12

Go mbeidh béim á cur ar mhúineadh teanga shóisialta agus teanga spraoi do na daltaí sna ranganna.

11

Go mbeidh béim ar Ghaeilge chruinn ó thaobh na gramadaí de, agus go mbeidh sí saibhir, nádúrtha agus dúchasach.



8

Go ndéanfaidh na daltaí comórtas/feachtas conas an Ghaeilge a chur chun cinn a dhearadh, a fheidmiú agus monatóireacht a dhéanamh air.

10

Go ndéanfar comórtas a rith chun an chruthaitheacht i leith na teanga a spreagadh.

9

Go bhforbrófar timpeallacht ina gcothófar agus ina saibhreoífar cumas teanga agus stór focal na ndaltaí. Déanfar é seo ar bhealach spreagúil chun go gcuirfeadh le muintín agus cruinneas na ndaltaí.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-



---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.



---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---